

## Cú Chulainn agus Emer

Thar na gaiscígh ar fad i gCúige Uladh, thaitin Cú Chulainn go mór leis na mná óga agus rinne a seacht ndícheall a aird a dhíriú orthu. Tháinig borradh fáis air i bhfad roimh na buachaillí eile mar ba é Lugh, an dé, a athair agus shealbhaigh sé fuinneamh fisiceach agus bealach séimh nár bhain go huile is go hiomlán leis an domhan seo. D'fhás sé go tapa ina ghaisce óg dathúil a bhí lán le muinín. Thug na gaiscígh eile é seo faoi deara agus tháinig eagla orthu go ngoidfeadh sé a mná chéile agus a gcailíní uatha. Dá bhrí sin, oíche amháin tar éis do Chú Chulainn dul a luí, bhailigh na gaiscígh le chéile chun labhairt faoin bhfadhb seo.

'Níl amhras ar bith orm' a dúirt fear amháin 'ach gurb é réiteach na faidhbe seo ná bean chéile a aimsiú do Chú Chulainn.

D'aontaigh gach duine a bhí láthair leis sin. Bheartaigh na gaiscígh go gcuardóidís gach baile in Éirinn, idir bheag agus mhór chun páirtí a fháil a d'oirfeadh do Chú Chulainn mar bhean chéile.

D'imigh siad leo ó cheann ceann na tíre ar thóir brídeoige do Chú Chulainn, ach bhí sé deacair é a shásamh. Idir an dá linn, dhírigh sé a aird ar Emer, iníon álainn Fheargail, agus bheartaigh sé nach mbeadh cailín ar bith eile mar pháirtí aige ach amháin í féin. Chuir sé cruth air féin, agus le faobhar ar a uirlisí troda agus síneadh ar a mheatáin, d'imigh sé leis chun Emer a mhealladh.

Bheannaigh Emer do Chú Chulainn ag déanamh magadh séimh as a iarrachtaí.

'Is laoch óg thú', a dúirt sí leis, 'gan cruth an fhir aibí ort nó gan éacht mhór bainte amach agat.'

D'éirigh Cú Chulainn dearg san éadan mar thuig sé go raibh an ceart aici.

'Ach', ag leanúint uirthi ag labhairt go cúthail, 'phléifinn pósadh leat dá n-éireodh leat clú agus cáil a bhaint amach i gcath.'

D'aithin Cú Chulainn go raibh obair mhór curtha air, ach thuig sé go raibh scil aige agus ghlac sé leis an dúshlán gan an dara smaoineamh a dhéanamh.

Idir an dá linn, cuireadh Feargal, athair Emer, ar an eolas faoin gcruinniú gairid seo idir Cú Chulainn agus Emer agus ní mó ná sásta a bhí sé. Dar le Feargal, bhí Cú Chulainn óg agus neamhaibí le tuiscint as cuimse aige ar a chumas féin mar laoch. Ba é bun agus barr an scéil nach raibh sé sách maith dá iníon mhuirneach, Emer.

Tháinig plean glic chun solais in aigne Fheargail. An chéad tráthnóna eile, d'imigh sé chuig cúirt Chonchubhair in Eamhain Macha ag ligean air féin gur laoch Gallach a bhí ann agus gur theastaigh uaidh ómós a léiriú do Chonchubhar Uladh. Toisc phlámás Fheargail, bhí féasta ag Conchubhar in onóir dó agus thug sé ordú dá laochra a scileanna catha cáiliúla a léiriú. Láithrigh Cú Chulainn agus ligeadh gáir mholta de réir mar a thaispeáin sé a aclaíocht agus a ghluaiseachtaí catha a bhí ligthe lúfar láidir. Thapaigh Feargal an deis.

'Tá scil faoi leith ina sheilbh ag Cú Chulainn Óg', a dúirt sé. 'Tá an t-ádh ort go bhfuil sé mar dhuine de do bhuíon gaiscíoch, ach samhlaigh dá gcuirfí chun na hAlban é chun traenáil le Domhnall Mildemail agus ina dhiaidh sin chun staidéar a dhéanamh ar ealaíona an bhanghaicéigh, Scáthach! Samhlaigh an fear a bheadh agat ansin mar bheadh gach uile ghaiscíoch ar fud na hEorpa sáraithe aige.'

Faoi mar a bhí beartaithe ag Feargal, chuala Cú Chulainn a thuairimí á nochtadh. Tháinig borradh ar a bhród agus gheall sé go fíochmhar go dtabharfadh sé faoin traenáil i dtreo is nach mbeadh aon cheist faoina stádas mar an laoch ab fhearr san Eoraip. Rinne Feargal meangadh leis féin: bhí an chosúlacht ann go raibh Cú Chulainn óg gafa aige. Go luath, bheadh sé i bhfad ó Emer agus bheadh Feargal in ann cleamhnas a eagrú di le duine eile.

## **Cú Chulainn ag Traenáil**

Ar aghaidh le Cú Chulainn chun na hAlban go fonnmhar ag lorg traenála de bharr thuairimí Fheargail. Cuireadh a scileanna gaiscíochta faoi mhionscrúdú ach lean sé leis an traenáil agus é idir bás is beatha. Rinne sé damhsa agus chleacht sé ealaíona an ghaicéigh go dtí go raibh a chosa chomh crua le heibhear. Rinne sé 'Lúb an Ghaiscígh ar Spící Sleánna'. Dhreap sé ar an tsleá agus rinne sé a dhamhsa

gaiscíoch ar an mbarr gan fuil a bhaint as a bhoinn. Bhí dea-thoradh ar na modhanna déine a d'úsáid Mildemail agus go luath bhí scileanna Chú Chulainn mionchoigeartaithe aige.

'Ní féidir liom puinn eile a mhúineadh duit', a dúirt Domhnall leis 'Beidh ort bualadh le Scáthach, an bhanghaiscíoch mór le rá a chónaíonn ar an Oileán Sciathánach chun críoch a chur le do thraenáil.'

Leis sin, d'imigh Cú Chulainn leis agus lean sé an bóthar soir i dtreo Oileán Sciathánach.

Cuireadh dúshlán roimh scileanna Cú Chulainn i bhfad sular shroich sé Scáthach. Bhí an droichead idir an mhórthír agus Oileán Sciathánach dubh le mic léinn agus ní raibh siad ag ligean ach gaisce ardoilte trasnú toisc nach mbeadh aon duine eile maith go leor dá múinteoir. Thriail sé trasnú trí huaire, agus theip air trí huaire. Chuir méadú fonóide mhic léinn Scáthaigh lena dhiongbháilteacht, agus le luas a smaointe agus a ghluaiseachtaí, thrasnaigh sé slán an ceathrú huair.

Bhí Scáthach ag coimeád súile ar a dhul chun cinn agus bhí barúil aici, 'is fiú an fear óg seo a chur faoi oiliúint mar beidh sé ar dhuine de na laochra is uaisle san Eoraip.' Agus bhí an ceart aici mar d'fhoghlaim Cú Chulainn go leor scileanna nua ó Scáthach amhail an tsleá dheilgneach a chaitear le cos agus a bhíonn sáite go domhain san íospartach sa chaoi is nach féidir é a thógáil amach ach le gearradh a dhéanamh. D'éirigh sé láidir sa chath lena thaithí ar fad, ag marú laoch cáiliúil Scáthaigh, Cochar, nuair a cuireadh faoi dhúshlán é. Fiú amháin, bhuaigh sé ar Bhanríon Aoife agus a hairm in ainm Scáthaigh. Mar dhuais, roghnaigh sé féasta a bheith aige i bpálás Aoife agus d'iompair sí mac dó darbh ainm Connla.

## **Filleann Cú Chulainn ar Emer**

I ndeireadh na dála, nuair a bhí ealaíona bhanghaiscíoch Scáthach ar fad foghlamtha ag Cú Chulainn, fuair sé teachtaireacht phráinneach á ghríosú chun filleadh abhaile go Cúige Uladh, a áit dhúchais.

Nuair a d'fhill sé, tionóladh féasta mór in onóir dó agus shásaigh sé a lucht éisteachta a bhí faoina chuing aige lena scéalta faoi fhiontair chontúirteacha san Albain. I ndiaidh don cheiliúradh a bheith thart, chuir sé aghaidh ar dhaingniú Fheargail chun Emer a éileamh. Fad is a bhí Cú Chulainn san Albain, rinne Feargal iarracht cleamhnas a dhéanamh idir Emer agus Lugaid Mac Nois, curadh nua na Mumhan. Thit an plean as a chéile nuair a dhiúltaigh Lugaid Emer a phósadh toisc go raibh sí i ngrá le Cú Chulainn. Ní raibh aon dul as ag Feargal ach a chaisleán a dhaingniú le gach laoch a raibh teacht orthu chun Cú Chulainn a bhriseadh le treise lámh.

Tharla cath fíochmhar idir Cú Chulainn agus gaiscígh Fheargail. An lá sin, mharaigh sé cuid mhór fear ag baint úsáide as a chleasa catha nuafhoghlamtha agus é ag cruthú a fhiúntais faoi mar a gheall sé do Emer. Fuair Feargal é féin bás agus é ag iarraidh teacht slán ó mháine Chú Chulainn. Nuair nach raibh aon duine fágtha chun dul ina choinne, d'imigh Cú Chulainn chuig Emer. Bhí sí ag fanacht leis ón lá a thug sé aghaidh ar Albain agus anois chuaigh an bheirt acu chuig Eamhain Mhacha chun seasamh os comhair Chonchubhair.

'Fáilte romhaibh!' a scread Conchubhar nuair a tháinig siad chuige. 'Chuala mé faoin éacht mhór atá bainte amach agat inniu, a Chú Chulainn. Cinnte, creidim nach bhfuil laoch san Eoraip a d'fhéadfadh tusa a shárú anois. Agus feicim gur bhuaigh tú brídeog iontach in Emer.'

Bhí atmaisféar míshuaimhneach i bpálás Chonchubhair mar thuig gach duine a bhí i láthair go raibh sé de phribhléid ag Conchubhar an chéad oíche phósta a chaitheamh le gach bean Uladh. Níor theastaigh ó Chonchubhar go mbeadh Cú Chulainn i bhfeirg leis tríd an nós seo a chur i gcuimhne dó agus ní raibh sé ag iarraidh aon laige ina údarás a léiriú ach an oiread. Mar sin féin, i gcomhairle leis an draoi Cathbad, chodail Conchubhar le hEmer ar an gcéad oíche agus Cathbad ina luí eatarthu.

Chuir an socrú seo srian leis an bhfearg a bhí ag méadú i gcroí Chú Chulainn toisc an nós seo agus an mhaidin dár gcionn d'fhill Emer ar ais chuige. Mhair a ngrá dá chéile chomh láidir is a bhí ón gcéad lá riamh.